Sceideal Ruda

Léiríonn rudaí réadúla/feidhmiúla a úsáidtear sa tasc cad atá le tarlú agus an t-ord ina dtarlóidh na himeachtaí. Tá sceidil ruda ina gcuidiú do pháistí / daoine óga atá ina smaointeoirí níos nithiúla. Cuirtear an sceideal seo i láthair ag obair ó bhun go barr agus úsáidtear ainmchárta an duine óig mar leid aistrithe chun a chur in iúl cén uair atá sé in am a sceideal a sheiceáil.

CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN

© Deartha agus Déanta ag
Middletown Centre for Autism

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.

True Object Based Icon Schedule (TOBI)

Déantar rudaí a scanadh nó glactar grianghraif díobh agus a phriontáil ar an méid chéanna leis an bhfíormhír, agus baintear an cúlra chun seachráin a laghdú. Cabhraíonn sceidil TOBI le páistí tosú a thuiscint gur féidir le réada déthoiseacha imeachtaí an tsaoil a léiriú. Cuirtear an sceideal TOBI seo i láthair ag obair ó bhun go barr, cé go bhfuil sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir sceidil a chur i láthair freisin ag obair ó chlé go deas. Tá pictiúr de bhábóg á úsáid ag an bpáiste seo mar leid aistrithe. Nuair a thugtar an leid di, téann sí go dtí a sceideal agus postálann sí sa chlúdach litreach í sula seiceálann sí le féachaint cad a tharlóidh ina dhiaidh sin.

CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN
© Deartha agus Déanta ag Middletown Centre for Autism

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.

Sceidil Grianghraf

Nuair a thuigeann páiste nó duine óg gur féidir le míreanna déthoiseacha imeachtaí a léiriú, is féidir grianghraif a úsáid chun na himeachtaí a chur in iúl i rith an lae. Léiríonn an chéad ghrianghraf sceideal grianghraf a chuirtear i láthair ó chlé go deas. Roghnódh an páiste nó an duine óg an grianghraf den leithreas, rud a léiríonn go bhfuil sé in am an seomra folctha a úsáid. Tar éis dóibh an tasc seo a chríochnú, roghnóidís an chéad phictiúr eile a léiríonn an chéad ghníomhaíocht eile.

Taispeánann an dara grianghraf an leanbh ag meaitseáil an ghrianghraif óna sceideal le grianghraf sa limistéar ina bhfuil sé chun a ghníomhaíocht a chríochnú. Is féidir grianghraif a phostáil freisin nuair a shroicheann an leanbh a ceann scríbe, má tá na scileanna riachtanacha sealbhaithe acu. @cóipcheart TEACCH



CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN

© Deartha agus Déanta ag
Middletown Centre for Autism

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.

Sceidil Siombailí agus Focal

Chomh luath agus a thuigeann páiste nó duine óg gur féidir le líníocht imeacht fíorshaoil a léiriú, is féidir sceidil siombailí a úsáid. Taispeánann an chéad phictiúr sceideal siombailí agus focal a thaispeánann cad a tharlóidh le linn cuid den lá, seachas don lá ar fad. Taispeántar na himeachtaí in ord ag obair ó bhun go barr. Taispeánann an bosca ag barr an sceidil ar dheis cad atá ag tarlú 'anois' agus cuirtear an pictiúr sa phóca 'go léir déanta' ag an mbun nuair a bhíonn an tasc críochnaithe.

Taispeánann an dara pictiúr sceideal pictiúr agus focal lá iomlán. Is féidir leat a fheiceáil gur tugadh rogha idir 'súgradh' nó 'ríomhaire' don pháiste, a cuireadh in iúl trí úsáid na siombailí. @cóipcheart TEACCH



CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN
© Deartha agus Déanta ag Middletown Centre for Autism
Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.

Sceidil Siombailí

Seo roinnt samplaí eile de sceidil siombailí. Taispeánann an chéad ghrianghraf sceideal a tarraingíodh ar chlár bán ag taispeáint cad a tharlóidh ar feadh cuid den lá. Rachaidh an páiste nó an duine óg ag taisteal ina ghluaisteán, sula rachaidh sé ag spraoi ar na luascáin. Is féidir gach imeacht a bhaint mar a tharlaíonn sé, ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag an bpáiste ar an áit ina bhfuil siad ina sceideal. Tá buntáiste breise ag sceidil tarraingthe de láimh mar go bhfuil siad iniompartha agus is éasca iad a oiriúnú.

Taispeánann Grianghraf 2 sceideal siombailí agus focal a léirítear ag obair ó chlé go deas. Anseo tá ainm Amy in úsáid mar leid aistrithe. Nuair a fheiceann Amy a hainm, nó nuair a bhíonn a hainm ag deireadh gníomhaíochta, is léiriú é seo go bhfuil sé in am di a sceideal a sheiceáil agus greamaíonn sí a hainm thíos faoin sceideal. @cóipcheart TEACCH



CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN
© Deartha agus Déanta ag Middletown Centre for Autism

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.

Sceideal Scríofa

Is féidir le páistí agus daoine óga ag a bhfuil scileanna léitheoireachta dóthanacha sceidil scríofa a úsáid chun an stór focal a úsáidtear a léamh agus a thuiscint. Déantar míreanna a sheiceáil nó a bhaint de réir mar a chríochnaítear iad, ionas gur féidir leis an duine óg a ndul chun cinn i rith an lae a fheiceáil agus cad iad na himeachtaí atá fós le críochnú. Is féidir sceidil scríofa a chur i láthair i ndialanna, nó ar iPadanna má úsáideann duine óg seachas páiste iad.

CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN
© Deartha agus Déanta ag Middletown Centre for Autism
Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.